Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2015
(OR. en)

7957/15

**Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0285 (COD)**

PECHE 129
CODEC 497

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle<br>- Cur chuige Ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Deireadh Fómhair 2014, ghlac an Coimisiún Eorpach an togra thuasluaite. Cuireadh an togra sin faoi bhráid na Comhairle go hoifigiúil le linn na Comhairle "Talmhaíocht agus Iascach", an 26 Eanáir 2015.

2. Idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2015, rinne an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh léamh ar an togra agus scrúdú mionsonraithe ar dhréacht-leasuithe a mhol an Uachtaránacht.

3. Ghlac Coiste Iascaigh Pharlaimint na hEorpa tuarascáil, an 31 Márta 2015, a chuirfear faoi bhráid an tSeisiúin Iomlánaigh an 27 Aibreán 2015.[1]

[1] Féach 7892/15 PECHE 125 CODEC 484.

4. An 10 Nollaig 2014, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra. Níl tuairim eisithe ag Coiste na Réigiún go fóill.

## II. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS LE RÉITEACH

5. Ar bhonn thorthaí idirphlé na Meithle, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh[2] faoi bhráid COREPER an 15 Aibreán 2015.

6. Leis an idirphlé ar leibhéal COREPER, léiríodh tacaíocht d'iarrachtaí na hUachtaránachta agus don chur chuige a bheartaítear sa chomhréiteach ón Uachtaránacht. Mar sin féin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil imní orthu, ar féidir a achoimriú mar seo a leanas:

   Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur údar imní dóibh uainiú an chomhréitigh ón Uachtaránacht, agus mhol siad fanacht le toradh na n-imeachtaí dlí leanúnacha sula mbeidh an Chomhairle in ann seasamh críochnaitheach a ghlacadh i ndáil le saincheist an **bhunúis dlí iomchuí chun go nglacfar na spriocraonta básmhaireachta iascaireachta** sa togra. Measann cuid de na toscaireachtaí sin go mba cheart na raonta a ghlacadh i ngníomh ar leith a bhfuil bunús dlí leis atá difriúil (Airteagal 43(3) CFAE) leis an mbunús atá á mholadh ag an gCoimisiún (Airteagal 43(2) CFAE).

   Léirigh roinnt toscaireachtaí a dtacaíocht i ndáil le dul ar aghaidh leis an mbunús dlí atá á mholadh ag an gCoimisiún agus atá á chothabháil sa chomhréiteach ón Uachtaránacht.

   – Is féidir le formhór na dtoscaireachtaí tacú leis na **figiúirí lena sainítear na spriocraonta básmhaireachta iascaireachta** a bheartaítear sa chomhréiteach ón Uachtaránacht, ar bhonn na comhairle eolaíche a chuir an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ar fáil. Sa chomhthéacs sin, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí cur chuige an réamhchúraim i bhfeidhm maidir le bainistiú iascaigh. Chuir na toscaireachtaí béim chomh maith ar an ngá le faisnéis bhreise maidir le figiúirí atá neamhshainithe faoi láthair, lena soiléiriú an bhféadfaí iad a áireamh sa phlean agus cathain a bhféadfaí iad a áireamh ann.

---

2 Féach 7259/3/15 REV 3 PECHE 96 CODEC 361 + ADD 1 REV 1.

– Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go láidir gur tugadh aird leis an gcur chuige atá ann faoi láthair, maidir leis an bplean ilbhliantúil i Muir Bhailt, ar shainiúlacht Mhuir Bhailt agus nach bhféadfaí leis na réitigh sin, a cuireadh ar aghaidh sa chomhréiteach ón Uachtaránacht, réamhbhreith a dhéanamh ar **réitigh eile a forbraíodh i gcreataí réigiúnacha eile** chun aird a thabhairt ar shainiúlacht iascaigh lena mbaineann.

7. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- plé a dhéanamh ar na saincheisteanna thuasluaite d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán atá molta, mar a leagtar amach in 7259/3/15 REV 3 é;

- an ráiteas a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle.